

## **FOIRM IARRATAS PLEANÁLA.**

### **SARA LÍONANN TÚ AN FHOIRM SEO TABHAIR AIRD AR NA RUDAÍ SEO A LEANAS:**

**Is riachtanas é faoi Alt 38 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2015 go gcaithfidh an tÚdarás Pleanála seo gach cáipéisíocht a chuirtear isteach chucu mar chuid d'iarratas pleanála a chur ar fáil le scrúdú agus le ceannach ag an oifig phleanála agus a chur ar fáil le hathbhreithniú ar a suíomh idirlín.**

**Mura líontar an fhoirm seo amach ina hiomlán nó mura gcuirtear isteach an cháipéisíocht chuí ina teannta, beidh an t-iarratas neamhbhailí dá bharr. Ar an mbonn sin ba chóir duit cinntiú go bhfuil gach cuid den fhoirm seo críochnaithe ina iomlán agus sínithe agat, ag cur n/bh. (ní bhaineann) sna háiteanna is cuí, agus go go bhfuil gach cáipéisíocht atá riachtanach iniata le'd' fhoirm iarratais.**

### **CÓID REACHTÚLA EILE**

Ní gá go mba leor do dhuine cead pleanála a bheith bainte amach acu chun go mbeidh siad i dteideal tabhairt faoi fhorbairt ar leith. Mar shampla, is gá do gach foirgneamh nua, chomh maith le sínte, athraithe struchtúrtha agus athraithe áirithe ar úsáid an struchtúir, a bheith ag teacht le rialacháin tógála a leagann síos bunriachtanais deartha agus tógála. Anuas ar sin, is mídhleathach aon obair a bheidh ina cúis le meath nó scrios ar láithreacha síolraithe nó lonnaithe sciathán leathair, madraí uisce, cnadán, drúchtíní ballacha nó ainmhithe áirithe mara, mura bhfuil an obair sin clúdaithe ag ceadúnas maolaithe ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (de bhun Alt 16 den Treoir Ghnáthóg).

### **COSAINN SONRAÍ**

Tá sé de dhualgas ar an té nó an eagrais ar mhian leo aon fhaisnéis phearsanta a úsáid ar iarratas pleanála ar chúiseanna margaíochta díri a chinntiú gur féidir leo é sin a dhéanamh go dlistineach faoi riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018. Cuireann Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí in iúl go bhféadfadh seoladh ábhar margaíochta chuig daoine gan a gcead a bheith ina chúis ionchúisimh i gcoinne an seoltóra.

## FOIRM IARRATAS PLEANÁLA

### SARA LÍONANN TÚ AN FHOIRM SEO TABHAIR AIRD AR NA RUDAÍ SEO A LEANAS:

#### FOIRM IARRATAS PLEANÁLA CAIGHDEÁNACH AGUS CÁIPÉISÍOCHT TACAÍOCHTA:

*Cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach cuid den fhoirm iarratais seo líonta amach agus sínithe. Ba cheart don iarrthóir n.bh. (ní bhaineann) a líonadh isteach mar is cuí.*

*Cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach cáipéisíocht chuí iniata led' fhoirm iarratais.*

Mura líontar an fhoirm seo amach ina hiomlán nó mura gcuirtear isteach an cháipéisíocht chuí ina teannta, beidh an t-iarratas neamhbhailí dá bharr.

#### EOLAS BREISE

*Ba cheart tabhairt faoi deara go bhfuil plean forbartha dá chuid féin ag gach údarás pleanála, a leagann amach polasaithe áitiúla forbartha agus spriocanna dá cheantar féin. Ar na mbonn sin is féidir go mbeidh eolas breise (i.e. seachas an eolas atá riachtanach don bhfoirm seo) á lorg ag an údarás chun go mbeidh sé in ann déanamh amach an dtagann an t-iarratas leis an bplean forbartha. D'fhéadfaidh go lorgóidh an t-údarás an eolas seo ar fhoirm iarratais fhorlíontach.*

*Ní fhágfar d'iarratas pleanála neamhbhailí mura gcuirfear an eolas breise ar fáil. Ach mura gcuirfear an t-eolas breise ar fáil ní bheidh an t-údarás pleanála in ann teacht ar chinneadh ar cheart an t-iarratas a cheadú nó a dhiúltú bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil dóibh. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh éagmais an eolais bhreise seo moill a chur ar chinneadh faoi iarratas nó a bheith ina chúis an t-iarratas a dhiúltú.*

*Dá bhrí sin, ba cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an údarás pleanála ábhartha chun fáil amach cé acu polasaithe agus spriocanna áitiúla a bheadh ábhartha i gcás na forbartha molta agus cén eolas breise atá riachtanach ina leith.*

# COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

## FOIRM IARRATAS PLEANÁLA



**Comhairle Contae Chiarraí**, Áras an Chontae, Trá Lí, Co. Chiarraí  
Guthán: (066) 7183582 E-mail: [plan@kerrycoco.ie](mailto:plan@kerrycoco.ie) Faics: (066) 7120328  
**Kerry County Council**, County Buildings, Tralee, Co. Kerry  
Tel: (066) 7183582 Web: <http://www.kerrycoco.ie> Fax: (066) 7120328

*Tabhair faoi deara, aon áit go dtagann uimhir tagartha i ndiaidh ceiste, m.sh. C5. Iarrthóir<sup>2</sup>, is féidir tagairt a dhéanamh chuig na 'Treoracha maidir leis an bhfoirm seo a líonadh' ag deireadh na cáipéise seo.*

Tá gach sonra pearsanta bailithe ag teacht le riachtanais an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) 2016 agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2003. Tá fógraí príobhádachais aonair do gach rannóg/seirbhís ar fáil ag: [www.kerrycoco.ie](http://www.kerrycoco.ie)

### 1. Ainm an Údaráis Phleanála Ábhartha:

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

### 2. Láthair na Forbartha Molta:

<i>Seoladh Poist nó Baile Fearainn nó Láthair (mar is fearr chun an talamh nó an struchtúr i gceist a aithint)</i>	
<i>Uimhir Tagartha an Léarscáil Suirbhéarachta Ordanáis (agus an tagairt eangái, más ar fáil)<sup>1</sup></i>	

### 3. Saghas cead pleanála (chuir tic sa bhosca ceart):

- Cead
- Cead Coinneála
- Cead Imlíneach
- Cead ag leanúint ó Bhronnadh Ceada Imlínigh

#### 4. Más Cead ag leanúint ó Bhronnadh Ceadá Imlínighatá i gceist:

Uimhir Tagartha Cláraithe an Cheada Imlínigh: \_\_\_\_\_

Dáta ar Bhronnadh Cead Imlíneach: \_\_\_\_/\_\_\_\_/\_\_\_\_

#### 5. Iarrthóir<sup>2</sup>:

<i>Ainm(neacha)</i>	
	Sonraí teagmhála le líonadh isteach ag deireadh na foirme seo (Ceist 24)

#### 6. Sa chá gur chuideachta an tIarrthóir (cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí):

<i>Ainm(neacha) stiúrthóir(i)na cuideachta</i>	
<i>Seoladh Cláraithe (na cuideachta)</i>	
<i>Uimhir Cláraithe na Cuideachta.</i>	

#### 7. Duine/Gníomhaire ag gníomhiú ar son an Iarrthóra (más ann dóibh):

<i>Ainm</i>	
	Sonraí teagmhála le líonadh isteach ag deireadh na foirme seo (Ceist 25)

**8. Duine freagrach as ullmhú Líníochtaí agus Pleananna<sup>3</sup>:**

<i>Ainm</i>	
<i>Gnólacht/Cuideachta</i>	

**9. Cur Síos ar an bhForbairt Molta<sup>4</sup>:**

<i>Cur síos gairid ar nádúr agus achar na forbartha</i>	
---	--

**10. Stádas Dlí an Iarrthóra maidir leis an Talamh nó Struchtúr:**

<i>Chuir tic sa bhosca cúí chun stádas dlí an iarrthóra maidir leis an talamh nó struchtúr a léiriú</i>	<i>A. Úinéir</i>	<i>B. Áititheoir</i>
	<i>C. Eile</i>	
<i>Sa chás gurb 'Eile' do fhreagra, tabhair breis eolais maidir le do stádas dlí maidir leis an talamh nó an struchtúr</i>		
<i>Sa chás nach tusa an úinéir dleathach, tabhair ainm agus seoladh an úinéara agus cuir isteach litir ón úinéir a thugann cead duit an t-iarratas a dhéanamh, de réir mar atá liostálta sa cháipéisíocht tacaíochta</i>		

**11. Achar an tSuímh:**

<i>Achar an tSuímh lena mbaineann an t-iarratas tugtha i bhfoirm heicteár</i>	ha
---	----

**12. Sa chás go mbaineann an t-iarratas le foirgneamh nó foirnimh:**

<i>Spás úrláir iomlán d'aon foirgneamh/foirgnimh atá ann cheana féin i m<sup>2</sup></i>	
<i>Spás úrláir iomlán na hoibreacha molta i m<sup>2</sup></i>	
<i>Spás úrláir iomlán an achair atá le coinneáil i m<sup>2</sup> (más cuí)</i>	
<i>Spás úrláir iomlán aon chuid den struchtúr atá le leagan i m<sup>2</sup> (más cuí)</i>	

**13. I gcás forbairtí measctha (m.sh. cónaithe, tráchtála, tionsclaíochta), tabhair briseadh síos de na saghsanna forbartha agus de spás úrláir iomlán gach saghas forbartha:**

<i>Saghas forbartha</i>	<i>Spás úrláir iomlán i m<sup>2</sup></i>

**14. I gcás forbairt chónaithe tabhair briseadh síos den mheascán cónaithe:**

<i>Líon</i>	<i>Stiúidió</i>	<i>1 Leaba</i>	<i>2 Leaba</i>	<i>3 Leaba</i>	<i>4 Leaba</i>	<i>4+ Leaba</i>	<i>Iomlán</i>
<i>Tithe</i>							
<i>Árasáin</i>							
<i>Líon na spásanna páirceála le soláthar</i>	<i>Ann cheana féin:</i>	<i>Molta:</i>				<i>Iomlán:</i>	

**15. Sa chás go dtagraíonn an iarratas d'athrú ábhartha ar úsáid aon talamh nó struchtúr, nó coinneáil a leithéid d'athrú ábhartha ar úsáid:**

<i>Úsáid reatha<sup>6</sup> (nó iar-úsáid sa chás go bhfuil cead coinneála á lorg)</i>	
<i>Úsáid mholta (nó an úsáid atá sé i gceist a choinneál)</i>	
<i>Nádúr agus fairsinge na húsáide molta (nó an úsáid atá sé i gceist a choinneál)</i>	

## 16. Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Cuir tic sa bhosca cúí	<i>Is é</i>	<i>Ní hé</i>
<p><i>An iarratas é seo i gcomhair forbairt lena mbaineann Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000?</i><sup>7</sup></p>		
<p>Más “Is é” freagra na ceiste thuas agus nach bhfuil an fhorbairt díolmhaithe (féach thíos), caithfidh tú sonraí faoi conas atá sé i gceist agat teacht le Alt 96 de Chuid V den Acht. Ba cheart, mar shampla, go mbeadh</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(i) sonraí ann faoin gcuid no na codanna den talamh go bhfuil cead pleanála á lorg dó nó atá faoi réir an aontú faoi Chuid V, nó tithe lonnaithe ar an talamh réamhluaithe sin nó in áit eile i gceantar an údaráis phleanála go bhfuil sé molta iad a aistriú go húinéireacht an údaráis phleanála, nó sonraí tithe lonnaithe ar an talamh réamhluaithe sin nó in áit eile i gceantar an údaráis phleanála go bhfuil sé molta iad a ligint amach ag an údarás pleanála ar léas, nó sonraí aon heascán de no socraithe réamhluaithe thuas, agus</li> <li>(ii) Sonraí an áirimh agus an modh a úsáideadh chun luach tailte, costais suímh, gnáthchostais tógála agus forbartha agus brabús ar na costais seo agus ar chostais eile bainteach leo, ar nós scair d'aon oibrithe forbartha comhchoiteanna gur ghá leo cloí le forálacha Cuid V den Acht.</li> </ul> <p>Más é “Is é” freagra na ceiste thuas ach go bhfuil tú den tuairim go bhfuil an fhorbairt díolmhaithe de dheasca alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000<sup>8</sup>, caithfear cóip den Teastas Díolmhaithe faoi alt 97 a chur isteach leis an iarratas seo (nó, sa chás go bhfuiltear ag fanacht ar thoradh iarratais ar Theastas Díolmhaithe, caithfear cóip den iarratas ús a chur isteach).</p> <p>Más “Ní hé” freagra na ceiste thuas de bharr alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000<sup>9</sup> tabhair sonraí faoin gcúis gur dóigh leat go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt seo.</p>		

## 17. Sonraí na Forbartha

<i>Cuir tic sa bhosca cuí</i>	<i>Sea</i>	<i>Ní hea</i>
<i>An ea gurb é atá san fhorbairt mholta ná obair ar struchtúr cosanta nó/agus a chúirtealáiste, nó ar struchtúr cosanta molta nó/agus a chúirtealáiste?</i>		
<i>An ea gurb é atá san fhorbairt mholta ná obair ar thaobh amuigh struchtúir atá lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA)?</i>		
<i>An ea go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bheidh tionchar aige ar nó atá i ngiorracht do shéadchomhartha nó áit cláraithe faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994<sup>10</sup></i>		
<i>An ea go bhfuil gá ag an bhforbairt mholta le hullmhú Tuarascáil Measúnacht Tionchar Timpeallachta<sup>11</sup>? (más “is ea” an fhreagra, féach lch. 14 den fhoirm seo)</i>		
<i>An ea go mbaineann an t-iarratas le hobair laistigh nó i ngiorracht de Shuíomh Eorpach (faoi S.I. Uimh.94 de 1997) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha?<sup>12</sup></i>		
<i>An ea go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bheidh mar chuid de nó ar mhaithe ghníomhaíochta go mbeidh ceadúnas um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú de dhíth uirthi?</i>		
<i>An ea go mbaineann an t-iarratas le forbairt a bheidh mar chuid de nó ar mhaithe ghníomhaíochta go mbeidh ceadúnas dramhaíle de dhíth uirthi?</i>		
<i>An ea go mbaineann na Rialúcháin ar Mhórthimpistí leis an bhforbairt mholta?</i>		
<i>An ea go mbaineann an t-iarratas le forbairt laistigh de Chríos Forbartha Straitéisí?</i>		
<i>An ea go mbaineann an fhorbairt mholta le leagan aon struchtúr<sup>12</sup>?</i>		



## 18. Stair an tSuímh

Sonraí maidir le Stair an tSuímh (más eol)

An raibh an suíomh riamh, de réir d'eolais, faoi thuile?

Bhí  Ní Raibh

Más “Bhí” an fhreagra, tabhair sonraí, m.sh. bliain, fairsinge.

An eol duit cé acu úsáidí a mbaineadh as an suíomh cheana, m.sh. dumpáil nó mar cháiréal?

Tá  Níl

Más “Tá” an fhreagra, tabhair sonraí.

An bhfuil tú ar an eolas faoi aon iarratas pleanála bailí a déanadh cheana i leith na talún/an Struchtúir seo?

Tá  Níl

Más “Tá” an fhreagra, cur síos na huimhreacha tagartha pleanála agus na dátaí a fuair an t-údarás pleanála na hiarratais pleanála, más eol duit:

Uimh. Tagartha.: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Más amhlaidh gur déanadh iarratas pleanála bailí don talamh nó struchtúr seo le 6 mhí roimh cur isteach an iarratais seo is gá an fógra suímh a bheith ar chúlra buí de réir Alt 19(4) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, mar atá leasaithe.

***An bhfuil an suíomh/struchtúr ábhartha faoi réir achomhairc reatha leis an mBord Pleanála maidir le forbairt cosúil leis an gceann seo<sup>13</sup>?***

Tá  Níl

*Uimh. Tagartha An Bord Pleanála: \_\_\_\_\_*

### 19. Comhairliúchán Réamh-Iarratais

*Ar déanadh comhairliúchán réamh-iarratais maidir leis an bhforbairt mholta<sup>14</sup>?*

Déanadh  Ní Dhéanadh

Más “Déanadh”, tabhair sonraí:

Uimh. Tagartha (más ann dó): \_\_\_\_\_

Dáta(í) comhairliúcháin: \_\_\_\_/\_\_\_\_/\_\_\_\_

Daoine bainteach: \_\_\_\_\_

### 20. Seirbhísí

*Foinse Molta an tSoláthair Uisce*

Ceangal ann cheana féin  Ceangal Nua

Príomhlíonra Poiblí  Grúpscéim Uisce  Tobar Príobháideach

Eile (tabhair sonraí):

\_\_\_\_\_

Ainm na Grúpscéime Uisce (más cuí) \_\_\_\_\_

*Bainistiú/Cóireáil Molta Fuíolluisce*

Ann cheana féin  Nua

Séarach Poiblí  Gnáthchóras Dabhach Shéarachais

Córas cóireála ar-shuíomh eile  Tabhair sonraí \_\_\_\_\_

*Diúscairt Mholta Uisce Dromchla<sup>20</sup> (féach na riachtanais ar lch 17 mír 20)*

Séarach/Draen Poiblí  Poll Súite

Sruthchúrsa  Eile  Tabhair sonraí \_\_\_\_\_

## 21. Sonraí an Fhógra Poiblí

<i>Nuachtán Ceadaithe<sup>15</sup> in ina fhoilsíodh an fógra</i>	
<i>Dáta foilsithe</i>	
<i>Dáta gur chuireadh fógra suímh in airde</i>	

## 22. Táille Iarratais

<i>Táille le Díol<sup>18</sup></i>	
<i>Bunús an Áirimh</i>	

## 23. DEARBHÚ

<i>Dearbhaímse go bhfuil, chomh fada is eol dom, an fhaisnéis tugtha agam anseo fíor agus cruinn, agus go gcomhlíonann sé coinníollacha an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar atá leasaithe, agus na Rialúcháin a thagann faoi sin.</i>	
<i>Sínithe (Iarrthóir nó Gníomhaire, mar is cuí)</i>	
<i>Dáta</i>	

*Tabhair faoi Deara: Ní gá go mba leor do dhuine cead pleanála a bheith bainte amach acu chun go mbeidh siad i dteideal tabhairt faoi fhorbairt ar leith. Mar shampla, is gá do gach foirgneamh nua, chomh maith le sínte, athraithe struchtúrtha agus athraithe áirithe ar úsáid an struchtúir, a bheith ag teacht le rialacháin tógála a leagann síos bunriachtanais deartha agus tógála.*

<b>D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN</b>
Táille faighte. € _____
<input type="checkbox"/> Airgead Tirim
<input type="checkbox"/> Seic
<input type="checkbox"/> Ordú Airgid
<input type="checkbox"/> Dréacht
<input type="checkbox"/> Ordú Poist
<input type="checkbox"/> Cárta Creidmheasa
Uimh. Admhála _____
Dáta _____
Admhaithe ag _____

## **EOLAS BREISE**

### **Le Soláthar i gcomhair Forbairt Cónaithe i gCeantar Tuaithe**

<b>Cuid 1:      Sonraí Úinéireachta an tSuímh</b>	
1.1	Ainm agus Seoladh an duine óna bhfuarthas nó óna ngeobhfar an suíomh:
1.2	Gaol an iarrathóra, más ann, le húinéir reatha an tsuímh
1.3	Cuir imlíne ghorm timpeall ar gach talamh faoi úinéireacht an duine a ainmníodh thuas ar léarscáil ag scála 6” le 1 mhíle nó 1:2500. Ba cheart go mbeadh an léarscáil seo iniata leis an iarratas.
1.4	<b>Líon na suíomhanna díolta nó aistrithe ón ngabháltas go:</b>  Baill chlainne .....  Daoine nach baill clainne .....  Ba cheart sonraí na huimhreacha cláraithe pleanála ábhartha a thabhairt .....
<b>Cuid 2:      Faisnéis Ghinearálta</b>	
2.1	An bhfuil tusa, nó aon duine fásta eile de na háitritheoirí beartaithe, ag cur futhu san cheantar ina bhfuil an áitreabh lonnaithe?  Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/>
2.2	An amhlaidh go bhfuil do áitreabh reatha  Más “Eile” tabhair sonraí:  Leatsa: <input type="checkbox"/> Ar cíós: <input type="checkbox"/> Eile: <input type="checkbox"/>  .....  .....
2.3	Gairm Oibre reatha an Iarrthóra:  Gairm Oibre reatha aon áitritheoir eile (seachas an iarrthóir)  .....  .....

<p>2.4 Ainm agus seoladh fostóir reatha</p> <p>.....</p> <p>.....</p> <p>.....</p>	<p>Ainm agus seoladh fostóir reatha</p> <p>.....</p> <p>.....</p> <p>.....</p>
<p>2.5 Láthair Oibre</p> <p>.....</p> <p>.....</p> <p>.....</p>	<p>Láthair Oibre</p> <p>.....</p> <p>.....</p> <p>.....</p>
<p>2.6 Fad an láthair oibre ón:</p> <p>(i) áitreabh reatha .....</p> <p>(ii) suíomh molta .....</p>	<p>Fad an láthair oibre ón:</p> <p>(i) áitreabh reatha .....</p> <p>(ii) suíomh molta .....</p>
<p><b>Cuid 3: Úsáid atá beartaithe don áitreabh mholta</b></p>	
<p>3.1 An bhfuil sé i gceist go mbeidh áitreabh molta:</p> <p>Áitithe mar phríomhláthair cónaithe buan:</p> <p>Áitithe ag feirmeoir atá ag obair glánaimseartha ar an talamh:</p> <p>Áitithe ag ball den chlann:</p> <p>Áitithe ag an iarrthóir féin:</p> <p>Le Díol:</p> <p>Ina áit chónaithe thánaisteach/teach saoire:</p> <p>Eile, (tabhair sonraí):</p>	<p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p> <p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p> <p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p> <p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p> <p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p> <p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p> <p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p>
<p>An bhfuil an áitreabh molta lonnaithe i limistéar ardscéimhe :</p>	<p>Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/></p>

An bhfuil an áitreabh molta lonnaithe i limistéar ina bhfuil sé mar pholasáí ag an Údarás Pleanála caomhnú a dhéanamh ar radharcanna:	Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/>
An bhfuil an áitreabh molta lonnaithe ar phríomhbhealach náisiúnta:	Tá: <input type="checkbox"/> Níl: <input type="checkbox"/>

<i>Sínithe</i> (Iarrthóir nó Gníomhaire mar is cuí)	
<i>Dáta</i>	

**Nóta:** Ní fhágfar d'iarratas pleanála neamhbhailí mura gcuirfear an eolas breise ar fáil. Ach mura gcuirfear an t-eolas breise ar fáil ní bheidh an t-údarás pleanála in ann teacht ar chinneadh ar cheart an t-iarratas a cheadú nó a dhiúltú bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil dóibh. Ar an mbonn sin, d'fhéadfadh éagmais an eolais bhreise seo moill a chur ar chinneadh faoi iarratas nó a bheith ina chúis an t-iarratas a dhiúltú.

## **BA CHEART GO MBEADH AN CHÁIPÉISÍOCHT SEO A LEANAS INIATA LEIS AN BHFOIRM SEO:**

Tabhair faoi deara, mura mbíonn an cháipéisíocht chuí iniata, go mbeidh d'iarratas neamhbhailí dá bharr.

### **GACH Iarratas Pleanála**

- An leathanach den nuachtán ar a bhfuil fógra de d'iarratas i gcló
- Cóip den fhógra suímh
- 6 chóip de láthair an tsuímh<sup>16</sup>
- 6 chóip den phlean suímh nó leagan amach an tsuímh, mar is cuí<sup>16+17</sup>
- 6 chóip de phleananna agus sonraí eile riachtanach chun cur síos ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbairt (san áireamh bíodh líníochtaí sonracha de phleananna úrláir, ingearchlónna agus trasghearrthacha – ach amháin i gcás ceada imlínigh) mar is cuí<sup>20</sup>
- An táille pleanála cuí<sup>18</sup>

### **Sa chás nach ionann an t-iarrathóir agus úinéir dleathach na talún/an struchtúr:**

- Cead scríofa an úinéara an t-iarratas a dhéanamh

### **Sa chás go bhfuil an t-iarratas ag lorg cead d'fhorbairt chónaithe atá faoi réir Cuid V d'Acht 2000:**

- Sonraí den tslí go bhfuil sé i gceist cloí le halt 96 de Chuid V den Acht, agus iad seo a leanas san áireamh,
  - (i) sonraí den chuid/ de na codanna den talamh atá faoi réir an iarratais ar chead nó atá luaite sa chomhaontú maidir le Cuid V, nó tithe lonnaithe ar an talamh sin réamhluaite nó áit eile laistigh de limistéar feidhme an údaráis phleanála is atá molta le haistriú go húinéireacht an údaráis phleanála, nó sonraí faoi tithe lonnaithe ar an talamh sin réamhluaite nó áit eile laistigh de limistéar feidhme an údaráis phleanála go bhfuil sé i gceist a ligint amach ar léas ag an údarás pleanála, nó sonraí faoi aon mheascán de na socraithe réamhluaite, agus
  - (ii) Sonraí an áirimh agus an modh a úsáideadh chun luach tailte, costais suímh, gnáthchostais tógála agus forbartha agus brabús ar na costais seo agus ar chostais eile bainteach leo, ar nós scair d'aon oibrithe forbartha comhchoiteanna gur ghá leo cloí le forálacha Cuid V den Acht.

*nó*

- ☒ teastas díolmhaithe ó riachtanais Cuid V.

*nó*

- ☒ Cóip den iarratas a chuireadh isteach ag lorg teastais díolmhaithe.

**Sa chás go bhfuil an t-iarratas i gcomhair forbartha chónaithe nach bhfuil faoi réir Chuid V d'Acht 2000 de bharr alt 96(13) den Acht:**

- ☒ Eolas ag leagan amach an bhunúis go gcreidtear go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt..

**Sa chás go bhfuil sé i gceist fáil réidh le fuíolluisce ar bhealach eile seachas isteach i séarach poiblí:**

- ☐ Faisnéis faoin gcóras cóireála ar an láthair agus fianaise go bhfuil an córas seo oiriúnach don suíomh.

**Sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr cosanta/struchtúr cosanta molta nó sa chás go bhfuil taobh amuigh an struchtúir lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA):**

- ☐ Grianghrafanna, pleananna agus sonraí eile riachtanach chun léiriú cén tionchar a bheadh ag an bhforbairt mholta ar charachtar an struchtúir.

**Iarratais a ndéanainn tagairt d'athrú ábhartha ar úsáid nó coinneál ar a leithéid d'athrú úsáide:**

- ☐ Pleananna (plean suímh nó leagan amach, ingearchlónna agus trasghearrthacha a chloíonn le riachtanais Alt 23) agus sonraí eile riachtanach chun cur síos a thabhairt ar an bhforbairt mholta.

**Sa chás go bhfuil Ráiteas Tionchar Timpeallachta de dhíth ar iarratas:**

- ☐ Tuarascáil Measúnachta Tionchar Timpeallachta, agus
- ☐ Cóip den fhógra deimhnithe faighte ón tairseach MTT, ag teacht le halt 97B(2) de na rialúcháin cheadaithe.

**Iarratais atá saor ó tháillí pleanála:**

- ☐ Fianaise go bhfuil an t-iarratas cáilithe do dhíolmhaine<sup>18</sup>



## SONRAÍ TEAGMHÁLA

Tabhair faoi deara: Coimeádfar na n-ainmeacha agus na seoltaí tugtha faoi cheisteanna 24-25 thíos ar thaifid agus beidh siad ar fáil le scrúdú/ceannach ag an bpobal, ag teacht leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus na rialacháin a bhaineann leis ar feadh tréimhse de 7 mbliana a thosnóidh ar an lá a dhéantar an cinneadh. Scriosfar na sonraí teagmhála eile ar chríochnú an phróiseas pleanála mura bhfuil aon achomhairc déanta go dtí An Bord Pleanála.

### 24. Seoladh/sonraí teagmhála an iarrthóra<sup>19</sup>

<i>Iarrthóir</i>	
<i>Seoladh</i>	

### 25. Seoladh an ghníomhaire (más ann dó)<sup>19</sup>

<i>Gníomhaire (más ann dó)</i>	
<i>Seoladh</i>	

**Cé acu ar cheart comhfhreagras a sheoladh chucu (cuir tic sa bhosca cuí)**

Iarrthóir [ ]                      Gníomhaire [ ]

**Más gá aisíoc ar tháillí pleanála a dheanamh ar chúis ar bith, cé acu ar chesrt an seic aisíoctha a bheith déanta amach (cuir tic sa bhosca cuí)**

Iarrthóir [ ]                      Gníomhaire [ ]

Tabhair faoi deara: Tá soláthar eolais bhreise teagmhála ar nós seoltaí ríomhphoist nó uimhreacha fóin deonach agus ní úsáidfidh an tÚdarás Pleanála iad ach chun teagmháil a dheanamh leat ar mhaithe phróiseáil agus riaradh an iarratais. Ní chuirfear na sonraí seo ar fáil d'aon triú pháirtí ach amháin An Bord Pleanála i gcás achomhairc a bheith déanta, agus ní úsáidfidh An Bord Pleanála iad ach chun an achomhairc a phróiseáil is a riaradh.

<i>Uimhir Fóin</i>	
<i>Seoladh ríomhphoist</i>	
Tá na sonraí thuas de chuid:    An Iarrthóra            [ ]            An Ghníomhaire            [ ]	

## **TREORACHA CHUN AN FHOIRM SEO A LÍONADH**

- 1 Tagairt eangaí de réir Trasteilgean Mercator na hÉireann.
- 2 Is é atá i gceist le “an iarrthóir” ná an té atá ag lorg cead pleanála, ní gnóimhaire atá ag feidhmiú ar a s(h)on.
- 3 Sa chás gur dhein gnólacht/cuideachta na pleananna a dhréachtadh, ba cheart ainm an té go raibh príomhfhreagracht air/uirthi sa ghnólacht as na pleananna a ullmhú a thabhairt.
- 4 Cur síos gearr ar nádúr agus fairsinge na forbartha, ag tagairt leis an líon foirgneamh agus a n-airde, struchtúir chosanta, srl.
- 5 Is é atá i gceist le spás úrláir iomlán ná achar tomhaiste inmheánach an spás úrláir ar gach leibhéal den fhoirgneamh; i.e. Caithfear spás úrláir a thomhas ó thaobh istigh an fhalla sheachtraigh.
- 6 Sa chás nach bhfuil an struchtúr nó talamh atá ann cheana féin in úsáid, cur síos an úsáid údaráithe is déanaí a bhí ag an talamh nó an struchtúr.
- 7 Tagann Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i bhfeidhm nuair –
  - atá an talamh zónálta i gcomhair úsáid chónaithe nó i gcomhair meascán d'úsáid chónaithe agus úsáidí eile;
  - atá sprioc sa Phlean Forbartha don limistéar seo go mbeadh ceatadán áirithe den talamh curth ar fáil do thithíocht shóisialta/inacmhainne; agus
  - nach bhfuil an fhorbairt mholta díolmhaithe ó Chuid V.
- 8 Faoi alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, d'fhéadfaidh go mbeidh forbairtí de líon níos lú ná 9 tigh, nó forbairtí go bhfuil níos lú ná 0.1 heicteár i gceist iontu I dteideal díolmhaithe ó Chuid V.
- 9 Faoi alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ní bhaineann Cuid V le forbairtí áirithe tithíochta de chuid eagrais tithíochta dheonacha áirithe, oibríthe athchóirithe áirithe, oibríthe ar thigh atá ann agus áitrithe cheana féin, nó forbairt tithíochta faoi chomhaontas déanta faoi alt 96 den Acht.
- 10 Tá an Taifead Séadchomharthaí, faoi alt 12 d'Acht Leasaithe na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994, ar fáil do gach contae, ag oifigí na n-údaráis áitiúil agus i leabharlanna poiblí sa chontae sin. Tabhair faoi deara, más amhlaidh go gcuireann an fhorbairt mholta isteach ar, nó go bhfuil sé i ngiorracht do shéadchomhartha náisiúnta atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004, in úinéireacht nó faoi choimirce an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údarás áitiúil nó atá ina ábhar ordú caomhnaithe, nó ábhar ordú caomhnaithe sealadach, tá cead dlí ar leith riachtanach, faoi Achtanna na Séadchomharthaí

Náisiúnta, ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Chun fáil amach an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta in úinéireacht nó faoi choimirce an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó údarás áitiúil nó atá ina ábhar ordú caomhnaithe, téir i dteagmháil le Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

- 11 Is gá Tuarascáil Measúnachta Tionchar Timpeallachta (TMTT), agus cóip den fhógra deimhnithe faighte ón tairseach MTT, a bheith iniata le hiarratas pleanála i gcomhair forbairt de shaghas atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de na Rialúcháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2018 atá cothrom le nó níos mó ná teorainn, cannaíocht, nó tairseach leagtha síos don saghas sin forbartha. Beidh TMTT agus fógra deimhnithe ón tairseach MTT de dhíth chomh maith ag an Údarás Pleanála maidir le forbairt faoi thairseach, sa chás go mbíonn an t-Údarás den bharúil go bhfuil sé dealraitheach go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an timpeallacht (airteagal 103).
- 12 Bíonn measúnú cuí d'fhorbairt mholta riachtanach sna cásanna nach féidir a léiriú go cinnte nach mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt mholta sin ar shuíomh Eorpach. Is freagracht de chuid an údaráis phleanála é scagadh a dheanamh ar fhorbairtí molta chun déanamh amach an bhfuil nó nach bhfuil measúnú riachtanach. Sa chás go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil a leithéid de mheasúnú riachtanach, is gnáthach don údarás Ráiteas Tionchar Natura (RTN) a lorg ón iarrthóir. Más dóigh leis an iarrthóir go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt mholta ar shuíomh Eorpach, tá sé de rogha aige RTN a chur isteach mar chuid dá (h)iarratas pleanála.
- 13 Caithfidh cinneadh a bheith tugtha faoin achomhairc, nó an achomhairc a bheith tarraingthe siar, sara mbeidh sé ceadaithe iarratas eile dá shórt a chur isteach.
- 14 Ní féidir comhairliúchán foirmeálta réamh-iarrtha a dhéanamh ach faoi Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Ba cheart d'iarrthóir dul i dteagmháil lena (h)údarás pleanála más amhlaidh go bhfuil sé/sí ag iarraidh comhairliúchán réamh-iarrtha a eagrú. I gcás forbairt cónaithe a thiteann faoi Cuid V d'Acht 2000, moltar d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an áis comhairliúcháin réamh-iarrtha chun cinntiú gur féidir teacht ar chomhaontú i bprionsabal sara gcuirtear iarratas pleanála isteach.
- 15 Tá liosta ar fáil ón údarás pleanála ábhartha de na nuachtáin atá ceadaithe mar áit chun fógra a fhoilsiú go bhfuil sé i gceist iarratas pleanála a dhéanamh

*Tabhair faoi deara: déanainn 16 agus 17 thíos tagairt don gcuid 'Cáipéisíocht Tacaíochta' den fhoirm:*

- 16 Ba cheart go gclóifidh gach líníocht, plean agus léarscáil a gcuirtear isteach chuig an údarás pleanála le riachtanais na Rialúcháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2018.

- 17 Ba cheart go mbeadh láthair an fhógra/na fógraí suímh le feiscint ar an léarscáil de láthair an tsuímh.
- 18 Féach Sceideal 9 de na Rialúcháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má íoctar táille laghdaithe, is gá sonraí aon íocaíocht agus cead pleanála a tháinig roimhe a thabhairt. Má táthar ag éileamh díolmhaithe ar tháillí faoi Airteagal 157 de Rialúcháin 2001, caithfear fianaise a chur ar fáil go bhfuiltear i dteideal díolmhaithe.
- 19 Ba cheart seoladh an Iarrthóra agus an Ghníomhaire (más ann dó) a chur isteach anseo.
- 20 Is gá do gach iarratas pleanála d'fhorbairt taobh le, nó ag teacht amach ar, bhóthar poiblí sonraí a thabhairt faoi conas mar atá sé molta fáil réidh le huisce dromchla ag teacht amach ó shuíomh na forbartha molta. Mar chuid de seo, ba cheart go mbeadh líníochtaí scálaithe de na moltaí, agus sonraí cúí eile ar nós toisí na bpíopaí, fána, láithreacha na sruthanna éalaithe, láthreacha na silteán, srl. Tá sé ceadaithe go mbeadh uisce dromchla ag éalú isteach i ndraein nó sruthchúrsa laistigh nó taobh leis an suíomh, nó isteach i bpoill shúite tógtha laistigh den suíomh. Más poll súite atá i gceist, is gá léiriú go bhfuil síothlú dóthanach ann. Ba cheart go dtaispeánfadh líníochtaí na modhanna (cainéil, srl.) atáthar le húsáid chun cosc a chur ar uisce dromchla ó sceitheadh ón suíomh amach ar an mbóthar poiblí. Má theipeann ar an iarrthór an fhaisnéis seo a sholáthar san iarratas pleanála, d'fhéadfaidh go gcuirfear siar an iarratas le linn dó a bheith á mheas.